2023/2847

21.12.2023

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2847 ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Nollaig 2023

lena n-údaraítear bithmhais cillsaothráin úill a chur ar an margadh mar bhia núíosach agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le bianna núíosacha, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1852/2001 ón gCoimisiún ([1]), agus go háirithe Airteagal 12(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2015/2283 nach bhféadfar ach bianna núíosacha atá údaraithe agus a áirítear i liosta an Aontais de bhianna núíosacha a chur ar an margadh laistigh den Aontas.

(2) De bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2015/2283, bunaíodh liosta Aontais de bhianna núíosacha le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ([2]) ón gCoimisiún.

(3) An 14 Aibreán 2020, chuir an chuideachta Mibelle Group Biochemistry ('an t-iarratasóir') iarratas ar údarú faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Rialachán (AE) 2015/2283 chun bithmhais ceallsaothráin úill a chur ar mhargadh an Aontais mar bhia núíosach. Iarradh cead san iarratas bithmhais cillsaothráin úill a úsáid i bhforbhianna mar a shainmhínítear i dTreoir 2002/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

(4) An 2 Nollaig 2020, d'iarr an Coimisiún ar an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') measúnú a dhéanamh ar bhithmhais cillsaothráin úill mar bhia núíosach.

(5) An 24 Bealtaine 2023 ghlac an tÚdarás a thuairim eolaíoch dar teideal '*Safety of apple fruit cell culture biomass as a novel food pursuant to Regulation (EU) 2015/2283*' ([4]) [Sábháilteacht bithmhaise cillsaothráin úill mar bhia núíosach de bhun Rialachán (AE) 2015/2283] i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) 2015/2283.

(6) Sa tuairim uaidh, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go bhfuil an bia núíosach sábháilte faoi na coinníollacha úsáide i bhforbhianna atá beartaithe don phobal fásta ag leibhéal uasta 0,15 mg/lá. Dá bhrí sin, is leor na forais sa tuairim eolaíoch sin chun a shuí go gcomhlíonann bithmhais cillsaothráin úill, faoi na coinníollacha úsáide sonracha, na coinníollacha maidir lena chur ar an margadh i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán (AE) 2015/2283.

(7) Is iomchuí go mbeadh an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 9(3) de Rialachán (AE) 2015/2283 san iontráil a bhaineann le bithmhais cillsaothráin úill ar liosta an Aontais de bhianna núíosacha. I ndáil leis sin, i gcomhréir le coinníollacha úsáide forbhianna ina bhfuil bithmhais cillsaothráin úill, atá molta ag an iarratasóir agus atá measúnaithe ag an Údarás, is gá tomhaltóirí a chur ar an eolas trí lipéadú iomchuí go bhfuil bithmhais cillsaothráin úill beartaithe don phobal fásta.

([1]) IO L 327, 11.12.2015, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/2283/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2017 lena mbunaítear liosta an Aontais de bhianna núíosacha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bianna núíosacha (IO L 351, 30.12.2017, lch. 72, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/2470/oj).

([3]) Treoir 2002/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Meitheamh 2002 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le forbhianna (IO L 183, 12.7.2002, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2002/46/oj).

([4]) *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2023;21(7):8065

(8) Ba cheart bithmhais cillsaothráin úill ar liosta an Aontais de bhianna núíosacha a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470. Dá bhrí sin, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a leasú dá réir.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Ceadaítear bithmhais cillsaothráin úill a chur ar an margadh laistigh den Aontas.

Áireofar bithmhais cillsaothráin úill ar liosta an Aontais de bhianna núíosacha a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470.

2. Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Nollaig 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2847/oj

IO L, 21.12.2023

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 mar a leanas:

(1) i dTábla 1 (Bianna núíosacha údaraithe), cuirtear an iontráil seo a leanas isteach:

Bia núíosach údaraithe	Coinníollacha faoina bhféadfar an bia núíosach a úsáid		Ceanglais lipéadaithe shonracha bhreise	Ceanglais eile	Cosaint sonraí
‘**Bithmhais cillsaothráin úill**	*Catagóir shonraithe bhia*	*Uasleibhéil*			
	Forbhianna mar a shainmhínítear i dTreoir 2002/46/CE le haghaidh daoine fásta	0,15 mg/lá	1. Is é ‘bithmhais cillsaothráin úill’ ainmniú an bhia núíosaigh ar lipéadú na n-earraí bia a bhfuil sé iontu. 2. Ar lipéadú forbhianna ina bhfuil an bia núíosach, beidh ráiteas ina luafar nár cheart ach do dhaoine os cionn 18 bliana d’aois iad a thomhailt.’		

(2) i dTábla 2 (Sonraíochtaí), cuirtear an iontráil seo a leanas isteach:

‘Bia Núíosach Údaraithe Sonraíocht	Sonraíocht
Bithmhais cillsaothráin úill	**Tuairisc/Sainmhíniú:** Is éard atá sa bhia núíosach bithmhais déanta as cealla saothraithe agus homaiginithe ó úlla Eilvéiseacha den chineál Uttwiler Spätlauber (Malus domestica Borkh.). Mar chuid den phróiseas déantúsaíochta, déantar codanna sonracha den úll a bhailiú faoi choinníollacha steiriúla agus cuirtear iad ar mheán soladach, agus é mar aidhm forbairt fíocháin callais, déanta as cealla neamhdhifreáilte, a spreagadh faoi choinníollacha steiriúla. Déantar na cealla callais a shaothrú ansin i meán leachtach agus déantar iad a homaiginiú, a theaschóireáil, agus a thriomú. **Saintréithe/comhdhéanamh:** Taise: 10,9–15,5 g/100 g Luaith: 11,8–20,8 g/100 g Próitéin: 14,3–20,0 g/100 g Saillte: 0,6–2,5 g/100 g Carbaihiodráití neamh-indíleáite: 17,1–25,2 g/100 g Carbaihiodráití eile (arna ríomh (*)): 21,9–38,9 g/100 g Iomlán na siúcraí: 17,1–32,6 g/100g Fruchtós: 10,8–20,2 g/100 g Glúcós: 3,8–7,0 g/100 g

	Feanóil iomlána: 0,15–0,29 g/100 g Aigéad malach: 0,41–1,19 g/100 g Aigéad sucanach: 0,14–0,26 g/100 g

(*) Carbaihiodráití eile (g/100g) = 100 (iarmhar tirim) - Luaith - Próitéin (Nitrigin × 6,25) - Saill iomlán - Aigéad sucanach: - Aigéad L-malach - Snáithín cothaitheach'

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2847/oj